

Polasaí TFC Gaelscoil Chill Mhantáin

Ainm na Scoile: Gaelscoil Chill Mhantáin

Uimhir Rolla: 20045K

Guthán: 0404 67177

R-phost: gaelscoil@gmail.com

Seoladh shuíomh idirlín: www.gaelsoilchillmhantain.ie

Príomhoide: Seán Ó Briain

Comhordaitheoir TFC: Helen Ní Chianaigh

Ráiteas Misin

Chomh maith le bheith ina acmhainn thábhachtach oideachasúil, tá an ábaltacht TFC a úsáid go héifeachtach ina scil saoil ríthábhachtach i sochaí nua-aimseartha.

“Is é an aidhm atá againn ná foghlaimeoirí (idir dhaltaí agus múinteoirí) a chruthú atá muiníneach agus éifeachtach mar úsáideoirí TFC”.

Tá sé ar intinn againn an aidhm sin a bhaint amach trí:

- 1) Scileanna TFC a mhúineadh mar ábhar faoi leith.
- 2) Cinntiú go bhfuil TFC comhshnaidhmthe le gach ábhar den churaclam.
- 3) Cabhrú le páistí uile TFC a úsáid le fáth agus le taitneamh.
- 4) Cabhrú le páistí uile na scileanna riachtanacha a fhorbairt chun TFC a dhúshaothrú.

Réasúntacht

Cén fáth go bhfuil gá ag ár scoil le TFC?

- Is gá go mbeadh na daltaí inár scoil liteartha ó thaobh TFC de.
- Is mian linn an t-oideachas is fearr is féidir a sholáthar do na daltaí ar fad.
- Is mian linn acmhainn múinteoireachta chumhachtach agus suas chun dáta a sholáthar do na múinteoirí ar fad.
- Bainfear úsáid as TFC le haghaidh riarachán níos éifeachtaí.
- Bainfear úsáid as TFC chun cabhrú le páistí a bhfuil tacaíocht foghlama uathu. Bainfear úsáid as TFC chun cumarsáid níos éifeachtaí le tuismitheoirí a sholáthar.
- Bainfear úsáid as TFC chun cumarsáid a dhéanamh le múinteoirí agus le daltaí i scoileanna eile.
- Bainfear úsáid as TFC chun páistí a ullmhú don saol in áit oibre ardteicneolaíochta.

Cén úsáid a bhainfear as TFC?

- Riarachán scoile – sonraíthe daltaí, litreacha caighdeánacha, nuacht-litreacha, leabharliostaí agus ar aile.
- Bogearraí taighde, m.sh. Ciclipéid Encarta.
- Bogearraí druil agus cleachtadh: m.sh. Béarla, Mata, Tíreolaíocht.
- Cluichí eachtraíochta m.sh. Granny’s Garden, Who Stole the Book, agus ar aile.
- Próiseáil Focal agus obair na bpáistí a phriontáil.
- Taighde ar an idirlín.
- Cumarsáid via ríomhphost.
- Tuairiscí a Stóráil m.sh. Torthaí Micra-T & Sigma-T. (Ag tosú i mbliana)
- Bogearraí do dhaltaí le Riachtanais Speisialta m.sh. Word Shark, Number Shark.
- Bogearraí do dhaltaí níos ábalta.

Buntáistí TFC:

- Is féidir eolas suas chun dáta a rochtain go tapaidh.
- Tá cur i láthair oibre feabhsaithe go mór.
- Cumasaítear daltaí le riachtanais speisialta go mór trí TFC a úsáid.
- Tá foighne gan deireadh ag an ríomhaire nuair a bhaintear úsáid as le haghaidh feidhmchláir druil agus cleachtadh.

- Éascaíonn an ríomhaire soláthar do riachtanais aonaracha.
- Is foinse foghlama ríspéisiúil é an ríomhaire do pháistí uile.

Míbhuntáistí TFC:

- Tá impleachtaí mórchúiseacha airgeadais ag baint le scoil a réiteach faoi chomhair TFC agus é a uasghrádú.
- Caitear an-chuid ama ag déanamh taighde ar bhogearraí agus ar phleananna ceachta.
- Is fadhb leanúnach í rólódáil churaclaim.
- Cuireann tabhairt isteach TFC go scoil go mór le hualach oibre na múinteoirí agus dá bhrí sin lena leibhéal struis.
- Ní mór do mhúinteoirí a scileanna TFC a uasdátú go leanúnach – níl roinnt múinteoirí muiníneach as TFC a úsáid.

Achoimre d’Iniúchadh Scoile

Crua-earraí Reatha:

- Tá deich gclár bhána idirghníomhacha ag an scoil.
- Leis an Promethean Activboard tagann na bogearraí Activprimary 2 agus Activprimary 3 agus Activpens. Athraíonn siad seo an seomra ranga ina thimpeallacht foghlama idirghníomhach. Leis na cláir bhána idirghníomhacha is féidir aon rud atá infheicthe nó indéanta ar scáileán ríomhaire a theilg ar chlár bán. Is féidir téacs agus íomhánna a chur i bhfolach, a thaispeáint nó a aibhsiú chun plé a spreagadh; rannpháirtíocht ghníomhach a spreagadh trí úsáid a bhaint as uirlisí tomhais, rialóirí idirghníomhacha nó uillinntomhas; agus téann na céadfaí i ngleic le fuaimeanna, dathanna agus físeanna. Tugann na bogearraí cead isteach do na mílte acmhainn agus ceachtanna samplacha.
- Scríobhann na pinnActiv cosúil le pinn agus anuas ar sin feidhmíonn siad mar luch.
- Tá ríomhaire ghlúine ag chuile múinteoir.
- Tá ríomhaire agus printéir in oifig an Rúnaí (le hathchur go luath).
- Tá ríomhaire, printéir agus scanóir in oifig an Phríomhoide.
- Tá ocht ríomhaire ghlúine atá ag feidhmiú sa tralaí ríomhaireachta.
- Tá 15 táibléad Microsoft ann (ach ag súil le níos mó a fháil i mbliana).
- 1 Táibléad Dell.

Úsáid TFC faoi láthair do Dhaltaí:

- Tá sliotán ama san amchlár ag chuile rang chun úsáid a bhaint as na ríomhairí scoile.
- Baineann múinteoirí úsáid as na ríomhairí seo le haghaidh rudaí éagsúla - obair tionscadail/taighde, clár ‘scratch’ agus obair chlóschríofa.
- Faoi láthair baintear úsáid as bogearraí le haghaidh réamh-léitheoireacht agus obair luath-léitheoireachta; réamh-uimhreas agus obair luath-uimhreas; feidhmchlár mhata (sa seomra ranga)

Foireann Múinteoireachta

Foireann iomlán: 14

Uimhir eolach ar TFC: 7

Uimhir atá inniúil TFC a úsáid sa mhúinteoireacht: 5

Uimhir ag a bhfuil gá le traenáil: 13

Uimhir sásta traenáil a fháil: 13

Foirm thraenála is oiriúnaí:

******Cé go bhfuil a lán daoine eolach ar TFC, níl a lán daoine muiníneach é a úsáid sa mhúinteoireacht. Tá gach duine sásta traenáil a fháil agus is cosúil go bhfuil géar gá leis seo chun an polasaí seo a chur i bhfeidhm.*

Comhordú TFC:

Faoi láthair tá an post mar Chomhordaitheoir TFC i seilbh Helen Ní Chianaigh.

Riachtanais Speisialta: Tá ríomhaire ghlúine ag chuile múinteoir tacaíochta foghlama ach níl fáil acu ar chlár bán idirghníomhach. *Aithníonn muid féidearthacht TFC chun seansanna foghlama do dhaltaí le riachtanais speisialta a*

fheabhsú. Tá sé mar aidhm go mbeadh páistí le riachtanais scríbhneoireachta, le riachtanais léitheoireachta agus le riachtanais uimhris faoi leith ag baint úsáide as TFC chun cleachtaí oideachasúla comhroghnacha agus comhlántacha a sholáthar roimh deireadh 2014.

Cothabháil:

Faoi láthair tá Brendan Coyle ó Clone IT fostaithe chun cothabháil riachtanach a dhéanamh sa scoil. Tá leabhar TFC fágtha sa seomra foirne, áit a fhágann múinteoirí teachtaireachtaí dó má tá fadhb acu leis an TFC. Tagann Brendan gach coicís ar feadh dhá uair a chloig chun obair a dhéanamh agus tá sé ar fáil taobh amuigh den am seo má tá aon rud práinneach i gceist.

Gníthe Shláinte agus Shábháilteachta:

Cuireadh pointí cumhachta tiomnaithe isteach do na ríomhairí uile agus úsáidtear plocóidí fiúis..

Le Leathanbhanda beidh rochtain idirlín saor in aisce ag chuile duine a bhaineann úsáid as foirgneamh na scoile – tá Polasaí Úsáide Imghlactha ag an scoil.

Spriocanna na Scoile maidir le TFC

Comhtháthú Teicneolaíochta:

Tá ár gcuspóir fadtéarmach go mbainfear úsáid as teicneolaíocht chun tacú leis an múineadh agus leis an bhfoghlaím i ngach gné den churaclam agus i ngach seomra ranga beagnach curtha i gcrích.

Cad ba cheart a bheith múinte i TFC do na daltaí inár scoil?

Naíonáin Shóisearacha & Naíonáin Shinsearacha:

- Ainmneacha codanna ríomhaire: monatóir, méarchlár, luch, printéir agus ar aile.
- Cúram bunúsach ríomhaire.
- An luch a láimhseáil ag baint úsáide as bogearraí do chluichí péintéireachta, míreanna meara agus ar aile.
- Ag aimsiú litreacha agus focail bhunúsacha.
- Cláracha léitheoireachta.
- Bogearraí oideachasúla cuí a úsáid chun obair ranga a threisiú.

Rang a 1 & Rang a 2:

- Dul siar ar chodanna an ríomhaire.
- Ríomhaire a chur ar siúl agus a chur as.
- Comhaid a oscailt agus a dhúnadh.
- Spásbharra agus eochair aifhillte a úsáid.
- Eochair iomlaoide a úsáid do Chinnlitreacha.
- Microsoft Word a úsáid chun cúpla abairt a chlósscríobh.
- Cineál agus méid clófhoirne a athrú.
- Ag sábháil go comhad.
- Ag baint úsáide as Fáiscealaín.
- Bogearraí oideachasúla a úsáid chun obair ranga a threisiú.

Rang a 3 & Rang a 4:

- Dul siar ar obair déanta i rang a dó.
- Cleachtadh clóscríbhneoireachta.
- Próiseáil focal – botúin a cheartú, an litriú a sheiceáil, agus ar aile.
- Téacs a fhoráidíú.
- Ag sábháil go díosca bog.
- Microsoft Excel: scarbhileog a chruthú; eochair tab a úsáid; ord aibítire; uathshuimigh agus ar aile.
- Bogearraí oideachasúla cuí a úsáid chun obair ranga a threisiú.
- An tIdirlíon a úsáid faoi mhaoirseacht.

Rang a 5 agus Rang a 6:

- Dul siar ar an obair déanta sna meánranganna.
- Téacs a fhoráidiú – imlínte, imill, táblaí.
- Iompórtáil ó Paint; Grafaicí
- An tIdirlíon a úsáid faoi mhaoirseacht.
- Taighde ag baint úsáide as CD Rom-Ciclipéidí.
- R-phoist a sheoladh faoi mhaoirseacht.
- Bogearraí oideachasúla cuí a úsáid chun obair ranga a threisiú.

Páistí ag fáil Tacaíocht Foghlama:

- Ag baint úsáide as bogearraí litearthachta agus fonaice
- Ag baint úsáide as bogearraí Mhata

Ceannach Chrua-earraí:

Beidh comhordaitheoir TFC Helen Ní Chianaigh freagrach as cruá-earraí cuí a cheannach le cead ón mBord Bainistíochta.

Ceannach Bogearraí:

Beidh Helen Ní Chianaigh i gcomhairle leis an bPríomhoide agus le baill fhoirne cuí freagrach as léirmheas a dhéanamh ar bhogearraí cuí agus ceannachán a mholadh.

Suíomh Idirlín na Scoile:

Tá suíomh idirlín á óstáil ag an scoil ag www.gaelscoilchillmhantain.ie

Cuirfear nuacht litreacha na scoile agus míreanna nuachta eile suas go rialta.

Cuirfear suas polasaithe na scoile atá bainteach le tuismitheoirí ar an suíomh seo chomh maith.

Cuirtear obair ranga na bpáistí i gcló ag baint úsáide as a gcéad ainmneacha amháin mar chomhartha aitheantais.

Cuirtear grianghraif ranga i gcló gan ainmneacha agus le cead. (Uaireanta úsáidtear ainm an pháiste ach le cead fáighte).

Cruithithe	
Athbhreithniú déanta	Feabhra 2015
Athbhreithniú le déanamh	Feabhra 2018